



wwetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Phort Láirge agus Loch Garman
*Waterford and Wexford
Education and Training Board*

Cód Iompair do Bhaill Foirne an Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

1. Réamhrá

Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (BOOPLLG) a d'fhorbair an Cód Iompair seo dá Bhaill Foirne. Sa chód seo cuirtear san áireamh impleachtaí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001.

2. Aidhm

Is é aidhm an Chóid treoir a thabhairt do bhaill foirne an BOOPLLG agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

3. Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí an Chóid:

- Sraith chomhaontaithe de phrionsabail eiticiúla a leagan amach;
- Muinín agus iontaobh i mbaill foirne an BOOPLLG a choimeád agus a chur chun cinn;
- Forbairt agus glacadh le cleachtais eiticiúla a chur chun cinn;
- Na caighdeáin dhlíthiúla, bhainistíochta agus eiticiúla is airde a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht den BOOPLLG;
- Comhlíonadh an chleachtais bhainistíochta is fearr a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht den BOOPLLG.

4. Na Prionsabail Ghinearálta

Is é polasaí BOOPLLG an dea-cháil a choinneáil don iompar eiticiúil agus do chothrom na féinne agus é i mbun a ghnó.

Ní féidir soláthar a dhéanamh do gach cás sa Chód Iompair. Má bhíonn imní ar an bPríomhfheidhmeannach faoin ionracas maidir le cás áirithe, ní mór dó/di dul i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird. Ní mór do bhall foirne, nach é an Príomhfheidhmeannach, a bhfuil imní air faoin ionracas maidir le cás áirithe dul i gcomhairle leis an bPríomhfheidhmeannach nó le Stiúrthóir na Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta.

5. Infhaighteacht an Chóid

Déanfaidh an BOOPLLG an méid seo a leanas:

- cuirfidh sé an Cód Iompair seo agus doiciméad polasaí maidir le nochtadh leasanna ar fáil do na baill foirne uile agus cuirfidh sé in iúl do na baill foirne uile cé chomh tábhachtach is atá sé agus go bhfuil sé ar fáil;
- cinnteoidh sé go n-admhaíonn na baill foirne uile go bhfuarthas é agus go dtuigeann siad na hábhair atá ann;
- cuirfidh sé treoir agus stiúradh atá praiticiúil ar fáil de réir mar is gá maidir lena leithéid réimsí ar nós bronntanais agus siamsaíocht agus maidir le ceistanna eiticiúla eile, a thagann chun cinn go rialta.

6. Athbhreithniú

Déanfaidh an BOOPLLG athbhreithniú ar an gCód Iompair seo de réir mar is cuí. Ní mór aon athbhreithniú atá molta don Chód seo a mheas agus a fhaomhadh ag cruinniú den Bhord.

7. Sárúithe den Chód

Déileálfaidh an Príomhfheidhmeannach nó oifigeach tarmligthe le sárúithe den Chód Iompair de réir mar is cuí. Déileálfaidh Cathaoirleach an Bhoird le haon sárú den Chód, má sháraíonn an Príomhfheidhmeannach an cód. Cuirfear aon sárúithe de Chód Iompair in iúl don Chathaoirleach agus don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus féadfar iad a chur in iúl don Aire Oideachais agus Scileanna leis na cuntais bhliantúla agus an tuarascáil bhliantúil. Féadfaidh nósanna imeachta araíonachta an BOOPLG a agairt, más cuí.

8. Na Prionsabail Bhunúsacha

Is iad seo a leanas na príomhluachanna a threoraíonn muid agus atá seirbhísí á gcur ar fáil againn:

- Meas – Caithfidh le daoine eile sa tslí chéanna is a bheimis ag súil go gcaithfear linn, glacaimid le rún dearfach, agus measaimid go bhfuil luach ag gach duine agus taispeánaimid cúirtéis le cách;
- Cuntasacht – Glacaimid úinéireacht iomlán de na freagrachtaí tarmligthe dár ról a sheachadadh agus an fhreagracht chomhchoiteann den fhoireann inmheánach agus den fhoireann níos leithne, d'fhonn na caighdeáin ghairmiúla is airde a bhaint amach;
- Béim ar an bhFoghlaim – Leagaimid béim ar an gcumas a thabhairt dár bhfoghlaimoirí an leas is mó a bhaint as a bhféidearthacht;
- Caighdeán – Déanaimid ár ndícheall chun na caighdeáin is airde a sholáthar d'fhonn an leas is mó a bhaint as acmhainneacht an fhoghlaimora.

Ní mór do baill foirne an BOOPLG cloí leis na bunphrionsabail seo a leanas, mar atá leagtha amach faoi na ceannteidil seo a leanas:

- a) Ionracas;
- b) Faisnéis;
- c) Oibleagáidí;
- d) Dílseacht;
- e) Cothrom na Féinne;
- f) Tuiscint don Timpeallacht Oibre/Sheachtrach

a) Ionracas

Ina theannta sin, déanfaidh baill foirne an BOOPLG an méid seo a leanas:

- nochtfaidh siad fostaíocht/gnó seachtrach nó leasanna eile a mheasfaí go hoibiachtúil a bheith i gcoimhlint nó a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint le gnó an BOOPLG;
- nochtfaidh siad aon leas airgid nó aon leas tairbheach in, nó a bhaineann le, aon chonradh, comhaontú nó socrú, nó conradh, comhaontú nó socrú atá beartaithe, de réir Alt 9(7) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, Sceideal 3, Mír 12 (1);
- ní bheidh siad i mbun fostaíochta/gnó bhreise nó leasanna eile a bheith acu, atá i gcoimhlint nó a bhféadfadh bheith i gcoimhlint le gnó an BOOPLG;
- ní thabharfaidh siad bronntanais chorpáraídeacha, fáilteachas, caitheadh níos fearr ná tairbhí ná ní ghlacfaidh siad leo áit a bhféadfadh tionchar nó a mbeadh an chuma go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas an duine a thugann iad nó an duine a fhaigheann iad le breithiúnas neamhspleách a dhéanamh faoi idirbhearta gnó;
- comhoibreoidh siad go réamhghníomhach, go heiticiúil agus go hionraic le hinstiúidí oideachais eile, le seirbhísí tráchtála agus le soláthraithe eile de sheirbhísí taighde agus comhairleacha;

- rachaidh siad i mbun gníomhaíochtaí d'earraí/seirbhísí a cheannach de réir an pholasaí phoiblí agus dea-chleachtais ghnó agus rialacháin cheannacháin an BOOPLL;G;
- déanfaidh siad costais amháin a éileamh a bhaineann leis na riachtanais ghnó amháin agus de réir an dea-chleachtais san earnáil phoiblí i gcoitinne;
- rachaidh siad i mbun seirbhísí comhairliúcháin agus seirbhísí eile de réir threoirlínte an pholasaí phoiblí agus de réir pholasaí an BOOPLL;G;
- cinnteoidh siad go léiríonn cuntais/tuairiscí an BOOPLL go cruinn a fheidhmíocht agus nach bhfuil siad míthreorach nó deartha le bheith míthreorach;
- ní bhainfidh siad úsáid as acmhainní ná am an BOOPLL chun a t(h)airbhe féin, ná chun tairbhe na ndaoine/eagraíochtaí nach bhfuil ceangailte leis an hinstítúidí ná lena ghníomhaíochtaí;
- Gheobhaidh siad eolas nó rún ghnó ar na bealaí cuí amháin.

b) Faisnéis

Déanfaidh baill foirne an BOOPLL an méid seo a leanas:

- cuirfidh siad rochtain ar eolas ginearálta a bhaineann lena ghníomhaíochtaí ar fáil ar bhealach atá oscailte agus a chuireann leis an gcuntasacht atá air don phobal i gcoitinne;
- beidh meas acu ar an rúndacht a bhaineann le heolas íogair atá ag an BOOPLL, agus aird á tabhairt do mhír 13 de Sceideal 3 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Is é a bheadh i gceist le heolas íogair ná ábhar ar nós na nithe seo a leanas:
 - Faisnéis phearsanta;
 - Faisnéis a fuair an BOOPLL faoi rún;
 - Aon fhaisnéis tráchtála íogair nó aon fhaisnéis íogair eile a ghoillfeadh clú an BOOPLL;
 - Aon ábhar eile nó eisiúint d'ábhar dá leithéid ina mbeadh gníomh mídhleathach nó neamheiticíúil i gceist.
- rachaidh siad i mbun nósanna imeachta comhairliúcháin chuí leis na tríú páirtithe áit, i gcás eisceachtúil, a bhfuil sé beartaithe faisnéis íogair a eisiúint ar mhaithe leis an bpobal;
- comhlíonfaidh siad le forálacha reachtúla ábhartha uile (m.sh. An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 go 2013);
- beidh siad go hiomlán faoi rún maidir le gach plé agus cinneadh a dhéantar ag cruinnithe an Bhoird agus san BOOPLL;
- leanfaidh siad de bheith go hiomlán faoi rún maidir le faisnéis íogair agus maidir leis an bplé agus na cinntí a dhéantar ag cruinnithe den Bhord agus san BOOPLL nuair a thagann deireadh le fostaíocht san BOOPLL.

c) Oibleagáidí

Déanfaidh baill foirne an BOOPLL an méid seo a leanas:

- comhlíonfaidh siad na hoibleagáidí rialála agus reachtúla uile atá forchurtha ar an BOOPLL ag an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus ag reachtaíocht ábhartha eile;
- Comhlíonfaidh siad le nósanna imeachta ina bhfuil mionsonraí maidir le tairiscint agus ceannach, chomh maith le leibhéil údaráis fhorordaithe a chomhlíonadh le haghaidh aon chaiteachas ábhartha a cheadú;
- cinnteoidh siad go bhfuil na rialuithe i bhfeidhm chun cosc a chur ar chalaois agus a chinntiú go gcomhlíontar na nósanna imeachta forordaithe maidir leis na leibhéil údaráis fhorordaithe a chomhlíonadh le haghaidh aon chaiteachas ábhartha a cheadú lena n-áirítear costais do thaisteal gnó;
- comhoibreoidh siad le hiniúchadh inmheánach sa phróiseas iniúchta inmheánaigh;
- cloífidh siad leis na nósanna imeachta atá leagtha síos ag an mBord i ndáil le cásanna ina mbíonn coimhlíntí leasa agus ábhair imní rúndachta;
- aithneoidh siad an dualgas atá orthu le cloí leis na caighdeáin eitice is airde.

d) Dílseacht

- Aithneoidh baill foirne an BOOPLLG an fhreagracht atá orthu le bheith dílis don BOOPLLG agus le bheith go hiomlán tiomanta dá ghníomhaíochtaí uile agus a thuiscint ag an am céanna nach mór don BOOPLLG é féin leas na scoláirí agus na maoinitheoirí, lena n-áirítear na cáiníocóirí, a chur san áireamh i gcónaí.

e) Cothrom na Féinne

Déanfaidh baill foirne an BOOPLLG an méid seo a leanas:

- comhlíonfaidh siad le reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta agus um stádas comhionann;
- beidh siad tiomanta do chothrom na féinne i ngach beartaíocht gnó;
- beidh meas acu ar scoláirí, baill foirne, soláthraithe agus custaiméirí an BOOPLLG agus go gcaithfidh siad go cothrom lena scoláirí, baill foirne, soláthraithe agus custaiméirí.

f) Timpeallacht Oibre/Sheachtach

Déanfaidh baill foirne an BOOPLLG an méid seo a leanas:

- tabharfaidh siad tús áite d'oideachas agus oiliúint d'ardchaighdeán a sheachadadh dá scoláirí agus dá bhfoghlaimeoirí uile;
- cuirfidh siad chun cinn cultúr de 'labhairt suas' a fhorbairt, ina bhféadfaidh oibríthe a gcuid imní a ardú maidir le héagóir thromchúiseach san áit oibre gan faitíos díoltais orthu;
- tabharfaidh siad tús áite do shláinte agus sábháilteacht a bhfoirne agus mac léinn a chur chun cinn agus a chothabháil;
- cinnteoidh siad go ndéantar ábhair imní an phobail a mheas go hiomlán i ngníomhaíochtaí agus oibríochtaí an BOOPLLG;
- déanfaidh siad aon iarmhairt dhíobhálach a bhíonn ag oibríochtaí an BOOPLLG ar an timpeallacht a íoslaghdú.

[Deireadh an Chóid]